Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5601/19**

**ECOFIN 51**
**UEM 16**
**SOC 33**
**EMPL 26**
**COMPET 57**
**ENV 64**
**EDUC 21**
**RECH 45**
**ENER 28**
**JAI 45**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5095/19 |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2019 – an Suirbhé Bliantúil Fáis: Treoir Mhaicreacnamaíoch agus Fhioscach do na Ballstáit<br>– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2019 a ghlac an Chomhairle ag an 3699ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 22 Eanáir 2019.

**SEIMEASTAR EORPACH 2019:**
**TREOIR MHAICREACNAMAÍOCH AGUS FHIOSCACH DO NA BALLSTÁIT**

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

## I. SEIMEASTAR EORPACH 2019

1. IS MÓR AICI Suirbhé Bliantúil Fáis 2019 ón gCoimisiún, ina leagtar amach tosaíochtaí beartais le haghaidh fáis agus post san Aontas agus sna Ballstáit, agus arb é is túsphointe de Sheimeastar Eorpach 2019. AONTAÍONN SÍ, A BHEAG NÓ A MHÓR, le hanailís an Choimisiúin ar na tosaíochtaí beartais ar cheart d'iarrachtaí náisiúnta agus d'iarrachtaí ar leibhéal an Aontais a bheith dírithe orthu in 2019: infheistíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil, iarrachtaí athchóirithe a dhíriú ar an bhfás táirgiúlachta, ar an gcuimsitheacht agus ar cháilíocht institiúideach, agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch mar aon le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú.

2. TAGANN SÍ le tuairim an Choimisiúin gur tháinig moill ar an bhfás i ngeilleagar na hEorpa agus go leanfar den mhoilliú sin cé go mbeidh ann don fhás dearfach fós féin. Tá fás OTI forleathan ar fud na mBallstát, agus tá cóineasú réadach ann an athuair. Tá leibhéal na fostaíochta chomh hard agus a bhí sé riamh agus tá an dífhostaíocht ag laghdú, tá na heasnaimh rialtais i bhformhór na gcásanna ar ais ag an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim, agus tá an bhearna infheistíochta a d'eascair as an ngéarchéim beagnach dúnta. Ag an am céanna, tá leibhéal ard fiachais phoiblí ann go fóill; ní beag na rioscaí don ionchas eacnamaíochta agus laghdú is mó atá á thuar.

3. TAGANN SÍ le tuairim an Choimisiúin nach bhfuil fás an gheilleagair ag dul chun sochair do na saoránaigh uile ná do na tíortha uile sa tslí chéanna, agus go bhfuil an fás fós i mbaol de dheasca na héagobhsaíochta domhanda agus de dheasca dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha. IARRANN SÍ ar na Ballstáit maoláin a bhunú, go háirithe sna tíortha ag a bhfuil leibhéal ard fiachais phoiblí, agus athléimneacht agus acmhainn fáis a ngeilleagar a chothú. Tá fadhb mhór dífhostaíochta i roinnt Ballstát fós agus ioncam teaghlaigh iontu atá faoi bhun an leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim; i mBallstáit eile is iad an tearcfhostaíocht nó an ganntanas scileanna ar ábhair imní dóibh iad.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil cur chun feidhme an athchóirithe míchothrom ar fud an Aontais agus, de dheasca an brú a bhaineann le tosaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear na tosaíochtaí a leagtar amach i bprionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, gur gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh i gcur chun feidhme athchóirithe náisiúnta chun dul i ngleic le dúshláin struchtúracha an Aontais. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leas a bhaint as na cúinsí eacnamaíochta, atá measartha fabhrach, chun brú ar aghaidh le hathchóirithe struchtúracha chun fás inbhuanaithe cothrom a neartú, dul i ngleic le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus cóineasú inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach.

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus cur chun feidhme beartais, lena n-áirítear na moltaí tír-shonracha a chur chun feidhme, le linn na bliana ar fad. TÁ SÍ AG SÚIL go mór leis an bplé fairsing a bheidh ag an gComhairle i mí an Mhárta 2019 maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha, plé a dhíreoidh ar na príomhdhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta, lena n-áirítear dúshláin agus riachtanais maidir le táirgiúlacht agus infheistíocht.

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an t-am srianta leis na moltaí tír-shonracha a chomhaontú do 2019, ach IARRANN SÍ go nglacfaí go tapa, i mí na Bealtaine, na tograí ón gCoimisiún chun a áirithiú go mbeidh Seimeastar Eorpach dílis iltaobhach ann agus go ngabhfar seilbh, ar bhonn náisiúnta, ar mholtaí lena bhfuil bunús maith.

## II. TREOSHUÍMH MAIDIR LE BEARTAS FIOSCACH AGUS MAICREACNAMAÍOCH

### INFHEISTÍOCHT AR ARDCHAIGHDEÁN A CHUR AR FÁIL

7. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaidh an infheistíocht cabhrú chun cuspóir an Aontais aistriú go geilleagar ciorclach ísealcharbóin a bhaint amach. AONTAÍONN SÍ gur cheart an fás eacnamaíoch atá ann faoi láthair a úsáid chun tús áite a thabhairt don infheistíocht i nuachóiriú agus dícharbónú chórais tionscail, iompair agus fuinnimh na hEorpa agus, ag an am céanna, a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus infheistiú in oideachas, oiliúint agus scileanna. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart díriú ar fheabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus gur cheart infheistíocht spriocdhírithe agus athchóirithe struchtúracha dea-cheaptha a dhéanamh go comhuaineach.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tograí ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile de chuid an Aontais agus gurb é is aidhm leo go ndéanfadh na húdaráis náisiúnta agus an earnáil phríobháideach níos mó infheistíochta agus infheistíocht níos fearr. Ós rud é gurb í an infheistíocht spriocdhírithe a chuireann borradh go príomha faoin bhfás san Aontas, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur rún leis an gCoimisiún go ndíreofar le Seimeastar Eorpach 2019 ar riachtanais infheistíochta a mheas d'fhonn a gcinntí clársceidealaithe a threorú don tréimhse 2021-2027. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an anailís sin a chur ar fáil ar bhealach córasach agus i gcomhphlé leis na Ballstáit uile.

**IARRACHTAÍ ATHCHÓIRITHE A DHÍRIÚ AR AN bhFÁS TÁIRGIÚLACHTA, AR AN gCUIMSITHEACHT AGUS AR CHÁILÍOCHT INSTITIÚIDEACH**

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fócas ar fheidhmíocht táirgiúlachta feabhsaithe, mar is de thairbhe na feidhmíochta sin a thiocfaidh rath ar an Eoraip amach anseo. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá an fás táirgiúlachta feabhsaithe chun go mbeidh fás inbhuanaithe eacnamaíoch san Eoraip, ach CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil ann do dhifríochtaí móra i dtáirgiúlacht na ngnólachtaí ar fud an Aontais, sna réigiúin agus sna hearnálacha, go háirithe in earnálacha na seirbhísí, réimse ina dteipeann ar an bhfás táirgiúlachta cos a choinneáil leis an iomaíocht idirnáisiúnta. AONTAÍONN SÍ LE hanailís an Choimisiúin go gcuireann institiúidí poiblí dea-fheidhmeacha le fás feabhsaithe, gur réamhchoinníoll tábhachtach iad agus athchóirithe eile á mbaint amach, agus go mbíonn gaol, de ghnáth, idir na hinstitiúidí sin agus táirgiúlacht níos airde.

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gurb é an margadh aonair Eorpach le haghaidh earraí agus seirbhísí fós an t-inneall is cumhachtaí lena gcruthaítear fás agus poist agus gur cheart tosaíocht chomhpháirteach a bheith ag an Aontas tuilleadh oibre a dhéanamh ar an margadh aonair, lena n-áirítear an margadh aonair digiteach, an t-aontas baincéireachta, aontas na margaí caipitil agus an t-aontas fuinnimh. Is iad margaí dea-fheidhmeacha na dtáirgí agus na seirbhísí, go príomha, a chuireann borradh faoin bhfás táirgiúlachta de thairbhe gur féidir acmhainní a leithdháileadh leo ar bhealach níos éifeachtúla. Tá sé tábhachtach príomh-athchóirithe a dhéanamh sa timpeallacht ghnó agus i margaí an fhuinnimh, na teileachumarsáide, an iompair, na seirbhísí gnó agus miondíola d'fhonn fás táirgiúlachta den sórt sin a chumasú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú beartas sna réimsí thuasluaite, agus moltaí a thabhairt do na Ballstáit i gcás inarb ábhartha laistigh den Seimeastar Eorpach.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI go leagtar béim leis an Suirbhé Bliantúil Fáis seo ar a thábhachtaí atá an fás cuimsitheach. Ionas go mbeidh cuimsitheacht ann, is gá go mbeidh fás pá ann ar toradh ar an táirgiúlacht fheabhsaithe é, mar aon le córais chothroma éifeachtúla le haghaidh sochar cánach agus rochtain leanúnach feabhsaithe ar chúram sláinte, cúram leanaí agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh d'ardchaighdeán.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh dúshlán roimh na córais pinsean, cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh siocair go bhfuil an daonra san Eoraip ag dul anonn in aois. Cuirtear in iúl i dTuarascáil 2018 ar an Aosú go gcuirfidh an laghdú ionchasach sa daonra in aois oibre moill ar an bhfás fadtéarmach agus, ag an am céanna, go meastar go dtiocfaidh méadú 1.7 pointe céatadáin de OTI idir 2016 agus 2070 san Aontas Eorpach ar an gcaiteachas poiblí iomlán a bhaineann le haois, méadú a bheidh cothrom le 26.6 % in 2070, cé go bhfuil difríochtaí móra idir tíortha éagsúla. Is amhlaidh a thaispeántar gur príomhdhúshlán é freisin inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a áirithiú.

**COBHSAÍOCHT MHAICREACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAS FÓNTA POIBLÍ A ÁIRITHIÚ**

13. TAGANN SÍ le tuairim an Choimisiúin go bhfuil cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadas fónta poiblí fós ina réamhchoinníoll d'fhás inbhuanaithe agus MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an tuarascáil maidir leis an sásra foláirimh i dtaca leis an méid sin.

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur laghdaigh roinnt Ballstát a bhfiachas poiblí agus gur bhain siad amach nó gur sháraigh siad a gcuspóir buiséadach meántéarmach. Mar sin féin, AITHNÍONN SÍ gur choigeartaigh roinnt Ballstát eile níos lú agus go bhfuil siad i mbaol ó dhiallas suntasach ó chonair an choigeartaithe i dtreo a gcuid cuspóirí buiséadacha meántéarmacha faoi seach. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil leibhéil arda fiachais fós ina leochaileacht lena bhféadfadh méadú teacht ar chostais mhaoiniúcháin ar fud an gheilleagair agus lena bhféadfadh a gcumas infheistiú a shrianadh. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil comhordú na mbeartas náisiúnta fioscach, bunaithe ar na rialacha fioscacha comhchoiteanna, riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an t-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta mar is cuí.

15. AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá, d'fhonn inbhuanaitheacht fhioscach na mBallstát a neartú, le beartais náisiúnta dhifreáilte agus lánurraim á tabhairt don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, lena gcuirtear san áireamh spás fioscach agus éifeachtaí iarmharta i measc na dtíortha. TAGANN SÍ le tuairim an Choimisiúin gur cheart do na Ballstáit, go háirithe iad sin ag a bhfuil leibhéil arda fiachais phoiblí, gur cheart dóibh na dálaí eacnamaíocha reatha a úsáid chun maoláin a bhunú agus fiachas a laghdú agus, ag an am céanna, athléimneacht agus acmhainn fáis a ngeilleagar á gcothú. TAGANN SÍ LEIS AN TUAIRIM, dá ndéanfaí amhlaidh, go laghdófaí a leochaileacht i leith suaití agus go bhféadfadh cobhsaitheoirí uathoibríocha feidhmiú go hiomlán i gcás cor chun donais. AONTAÍONN SÍ, maidir leis na Ballstáit a bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach sáraithe acu, go dtacaíonn méadú ar infheistíocht phoiblí le fás agus athchothromú, ag brath ar chúinsí tír-shonracha.

16. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé tábhachtach cáilíocht agus comhdhéanamh airgeadais phoiblí a fheabhsú d'fhonn cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a áirithiú agus gur gné ríthábhachtach de bheartas fioscach na mBallstát é. Ar thaobh an ioncaim, ba cheart córais chánach éifeachtúla a bhunú lena soláthraítear dreasachtaí le haghaidh infheistíochta agus fáis. Tá gá le hiarrachtaí freisin ó thaobh an chaiteachais de, trí athbhreithnithe caiteachais agus tús áite a thabhairt do chaiteachas a chuireann le fás fadtéarmach agus cothromas.

17. TAGANN SÍ le tuairim an Choimisiúin go bhfuil feabhas tagtha ar athléimneacht na hearnála airgeadais san Aontas, ach gur gá leanúint d'iarrachtaí chun iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú agus creataí maoirseachta a neartú.